CAIRT ÍOSPARTACH

agus treoir don chóras ceartais choiriúil

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ
DEPARTMENT OF JUSTICE AND LAW REFORM

2010

CLÁR

Réamhrá ón Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí		4
Brollach ó Chathaoirleach an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta		5
Réamhrá		7
1.	Cairt Íospartach Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta	11
2.	Cairt Íospartach an Gharda Síochána	15
3.	Cairt Íospartach na Seirbhíse Cúirteanna	23
4.	Cairt Íospartach Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP)	29
5.	Cairt Íospartach na Seirbhíse Promhaidh	33
6.	Cairt Íospartach na Seirbhíse Príosúin	37
7.	Cairt Íospartach an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil	45
8.	Cairt Íospartach na Seirbhíse Cróinéara	49
9.	Cairt Íospartach an Bhinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla	53
10.	Íospartaigh agus an Dlí	57
11.	Sonraí teagmhála úsáideacha	65

RÉAMHRÁ ÓN AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ

Is duitse an Chairt seo – duitse ar íospartach coireachta tú ar an droch uair. Leagan sí amach go soiléir an tseirbhís ar féidir leat a bheith ag súil léi ó na príomhghníomhaireachtaí stáit uile i réimse an cheartais choiriúil agus ó cheann amháin de na heagraíochtaí deonacha a mbíonn teagmháil aici le híospartaigh. Tá na gníomhaireachtaí seo tiomanta ag an leibhéal is airde dá gCairteanna sa cháipéis seo.

Mar Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí is mian liomsa nach focail amháin a bheidh sa Chairt seo – tá mé ag iarraidh go mbeidh na focail nascaithe le gníomh réadach ar féidir a thomhas. Is mian liom eagraíochtaí stáit agus deonacha a fheiceáil agus seirbhísí éifeachtacha, inniúla agus comhbhácha á soláthar acu d'íospartaigh na coireachta. Tugann seirbhís inniúil eolas soiléir, tá de mhuinín aici tacaíocht a sholáthar agus tuigeann cén uair ar chóir íospartach a tharchur go dtí seirbhís eile. Déanann seirbhís chomhbhách iarracht breathnú ar chúrsaí ó thaobh dearcadh an íospartaigh, ach í sách gairmiúil i gcónaí chun cabhair a thabhairt don íospartach. Oibríonn seirbhís éifeachtach in éineacht le heagraíochtaí eile nuair a fhreastalaíonn sé seo ar riachtanais an íospartaigh.

Tá mé tiomanta feabhas a chur ar staid na n-íospartach. Tá Oifig Íospartaigh na Coireachta bunaithe agam le heagraíochtaí deonacha agus stáit a spreagadh chun seirbhísí níos fearr a sholáthar d'íospartaigh. Leanaim orm ag cur maoiniú ar fáil don Choimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta chun cuidiú le heagraíochtaí deonacha a thacaíonn le híospartaigh na coireachta. Tugaim an-tacaíocht d'obair an Fhóraim Chomhairlithigh um Íospartaigh na Coireachta a bhunaigh an Coimisiún. Cuireann an Fóram seo ardán ar fáil do ghrúpaí íospartach chun ionchur a bheith acu sa phróiseas beartais agus chun oibriú le chéile trí roinnt an dea-chleachtais. Tá an Bille um Nós Imeachta Coiriúil, 2009, foillsithe agam a chuirfidh feabhas ar an staid dhlithiúil d'íospartaigh nuair a

thagann sé chun a bheith ina dhlí.

Ní hé an t-eagrán seo den Chairt Íospartach agus an Treoirleabhar don Chóras Ceartais Choiriúil an focal scoir d'íospartaigh na coireachta. Is céim sa treo ceart í. Tá mé ag súil le huasghrádú ar chairteanna aonair a fheiceáil de réir mar a dhéanann eagraíochtaí a ndícheall chun seirbhisí nua agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil d'íospartaigh, go háirithe d'íospartaigh ar fhinnéithe freisin iad i gcás.

Dermot Ahern, TD
Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

BROLLACH Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOIMISIÚIN UM THACAÍOCHT D'ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

Tugann an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta maoiniú d'eagraíochtaí a chuireann roinnt seirbhísí ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Tacaíonn na heagraíochtaí seo le híospartaigh a d'fhulaing mí-úsáid teaghlaigh, foiréigean gnéasach, gáinneáil ar dhaoine chomh maith le turasóirí ar íospartaigh choireachta iad, íospartaigh leanaí, teaghlaigh íospartach a maraítear agus íospartaigh na coireachta go ginearálta.

Áirítear ar sheirbhísí na n-eagraíochtaí seo:

- tionlacan an íospartaigh chun na cúirte;
- dáileadh eolais;
- rochtain ar líntí cabhrach a thabhairt; agus
- tacaíocht mhothúchánach agus chomhairleoireachta a thairscint.

Anuas ar chabhair thiomanta na n-eagraíochtaí deonacha, teastaíonn raon áiseanna agus tacaíocht ó gníomhaireachtaí stáit i réimse an chórais cheartais choiriúil ó íospartaigh na coireachta. Tá cuid mhór de ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí stáit seo leagtha amach sa Chairt seo. Is ábhar mór imní d'íospartaigh é go gcoinneofaí ar an eolas iad faoi dhul chun cinn imscrúduithe coireachta, nósanna imeachta ionchúisimh, próisis chúirte, agus cinntí agus saincheisteanna faoi phríosún agus faoi phromhadh.

Tá athchóiriú déanta ag an Comisiún ar Chairt na nÍospartach ar iarratas an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Is tús é an t-athchóiriú seo ar phróiseas chun sástacht íospartaigh na coireachta leis an gcóras ceartais choiriúil a fheabhsú. Tá súil ag an gCoimisiún go gcuideoidh an Chairt seo leatsa, ar íospartach coireachta tú, agus leo siúd go léir a theagmhaigh leis an gcóras ceartais choiriúil.

Ray McAndrew
Cathaoirleach an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

Réamhrá

RÉAMHRÁ

Cuireann an Chairt seo síos ar an gcóras ceartais choiriúil ó thaobh dearcadh íospartaigh na coireachta de. Leagan sé síos do chearta agus do theidlíochtaí i leith na seirbhísí a thugann na gníomhaireachtaí stáit éagsúla a oibríonn le híospartaigh na coireachta.

"Ciallaíonn 'íospartach' duine nádúrtha a d'fhulaing díobháil, lena n-áirítear díobháil fhisiciúil nó mheabhrach, fulaingt mhothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch, ag eascairt go díreach as gníomhartha nó neamhghníomhartha ar sárú iad ar dhlí coiriúil Ballstáit." – Creatchinneadh an AE maidir le Seasamh Íospartach in Imeachtaí Coiriúla (2001)

Tá an Chairt seo roinnte in 11 cuid, lena n-áirítear cairteanna aonair iad seo a leanas:

- Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta (eagraíocht dheonach)
- An Garda Síochána (na Gardaí)
- An tSeirbhís Chúirteanna
- An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)
- An tSeirbhís Phríosúin
- An tSeirbhís Phromhaidh
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- An tSeirbhís Chróinéara
- An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

Tugann gach cuid léargas ginearálta orthu seo a leanas:

conas a fhreastalóidh an tseirbhís ort;

mura mbíonn tú sásta leis an tseirbhís cad is féidir a dhéanamh;

ról na seirbhíse.

Tugann Cuid 10 achoimre freisin ar íospartaigh agus an dlí, agus tá roinnt mionsonraí teagmhála úsáideacha sa chuid dheiridh. Léiríonn gach cuid dáta an leagain atá ann. De réir mar a athraíonn eagraíochtaí difriúla chun seirbhísí a fheabhsú nó chun seirbhísí nua a sheachadadh chuig íospartaigh na coireachta, dréachtóidh siad leaganacha nua de chairteanna aonair, ag léiriú dáta an eagráin is deireanaí.

Tabhair ar aird le do thoil nach bhfuil sa Chairt seo ach treoir. Ní cáipéis dhlíthiúil í agus ní thugann sí aon chearta dlíthiúla duit.

1 Cairt Íospartach Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta

1: CAIRT ÍOSPARTACH LÍNE CHABHRACH ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

CONAS A FHREASTALÓIDH AN LÍNE CHABHRACH ORT

Nuair a ghlaonn tú ar an líne chabhrach:

- beidh do ghlao faoi rún;
- tabharfaimid do dhóthain ama agus spáis duit le labhairt faoin gcaoi a ndeachaigh an choir i bhfeidhm ort;
- éisteoimid leat le hionbhá agus gan breithiúnas;
- féadfaimid insint duit faoi sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh na coireachta i do cheantar áitiúil;
- féadfaimid insint duit faoi shainsheirbhísí d'íospartaigh choireachta áirithe – mar fhoiréigean teaghlaigh, éigniú, mí-úsáid gnéis agus dúnbhású (i gcás go maraítear an t-íospartach trí dhúnmharú nó dúnorgain);
- féadfaimid do cheisteanna faoin gcóras ceartais choiriúil a fhreagairt;
- féadaimid cuidiú leat dul i dteagmháil leis na Gardaí agus le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile;
- féadfaimid eolas a thabhairt duit faoin gcaoi le cúiteamh a lorg, má bhaineann sé seo le hábhar i do chás; agus
- beimid anseo romhat más mian leat glaoch orainn arís.

Le linn do ghlao féadfaidh tú:

- oiread nó a laghad agus is mian leat a insint dúinn;
- d'ainm a thabhairt dúinn nó gan é a thabhairt, cibé is mian leat;
- aon cheist faoin gcóras ceartais gur mian leat a chur – mura mbíonn an freagra ar eolas againn gheobhaimid amach é agus inseoimid duit;
- eolas a lorg faoi sheirbhísí eile atá ann le tacaíocht a thabhairt duit, idir reachtúil agus dheonach;

- plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a gcaithfidh tú déileáil leo de thoradh duine den teaghlach, cara nó comhghleacaí a bheith ina íospartach coireachta;
- fáil amach cén áit le comhairle a lorg faoi shlándáil;
- fáil amach cén chaoi le comhairle dhlíthiúil a fháil; agus
- fáil amach an bhféadfadh go mbeifeá i dteidil chúiteamh ar bith ag éirí as coir.

Ní gá go mbeadh fáth ar leith ann go nglaofá orainn, nó ceist ar leith gur mhaith leat a chur. Mura mian leat ach labhairt linn, táimid anseo chun éisteacht leat.

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an líne chabhrach ag:
Glao sábhala: 1850 211 407
R-phost: info@crimevictimshelpline.ie
Téacs: 085 1337711
Láithreán Gréasáin: www.crimevictimshelpline.ie

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS

Mura mbíonn tú sásta leis an tseirbhís tá fáilte romhat dul i dteagmháil le:
An Comhordaitheoir Seirbhíse
Líne Chabhrach Náisiúnta Íospartaigh na Coireachta
3ú Urlár, Bloc B
Lárionad Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 408 6118
Faics: (01) 408 6125
R-phost: info@crimevictimshelpline.ie
Láithreán Gréasáin: www.crimevictimshelpline.ie

RÓL LÍNE CHABHRACH ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

Is líne chabhrach náisiúnta rúnda í Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta atá

á reáchtáil ag foireann oibrithe deonacha oilte. Táimid anseo chun éisteachta. Tacaímid le gach duine ar íospartach coireachta é – is cuma cén uair ar tharla an choir, cé rinne an choir nó ar thug tú tuairisc do na Gardaí nó nár thug. Tuigimid na saincheisteanna agus na deacrachtaí a mbíonn ar íospartaigh choireachta déileáil leo agus déanfaimid iarracht cabhrú leat sa chaoi nach n-airíonn tú go bhfuil tú leat féin ag an tráth seo.

Tá maoiniú againn ón gCoimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta, a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Maoiníonn an Coimisiún raon leathan eagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta. Féadfaimid sonraí teagmhála a thabhairt duit d'aon cheann de na heagraíochtaí seo má thograíonn tú. Is féidir leat liosta de na heagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta a fháil freisin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.csvc.ie (féach an chuid ar 'Sheirbhísí d'Íospartaigh').

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

2 Cairt Íospartach

2: Cairt Íospartach an Gharda Síochána

CONAS A FHREASTALÓIDH AN GARDA SÍOCHÁNA ORT

Más íospartach coireachta nó teagmhais thrámaigh tú:

- freagróimid go gasta do do ghlaoch agus déanfaimid imscrúdú ar do ghearán;

- tabharfaimid ainm, uimhir ghutháin agus stáisiún an Gharda imscrúdaithe duit agus uimhir theagmhais PULSE – is uimhir í seo a thugtar do do theagmhas sa chaoi gur féidir linn teacht go gasta ar shonraí do cháis;

- míneoimid duit cad a tharlóidh agus coinneoimid ar an eolas tú faoin imscrúdú coiriúil – áirítear leis seo a chur in iúl duit i scríbhinn nuair a dhéanaimid duine a bhfuil amhras faoi a chúiseamh/a thoghairm nó nuair a thugaimid rabhadh dó maidir le do theagmhas; agus

- cuirimid ar an eolas tú i scríbhinn faoi Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta agus faoi na seirbhísí eile atá ar fáil d'íospartaigh choireachta nó theagmhais thrámaigh. Is féidir leat rochtain a fháil ar raon leathan seirbhísí tacaíochta tríd an líne chabhrach seo. Is oibrithe deonacha iad a reáchtálann an líne chabhrach agus tá sé neamhspleách ar an Gharda Síochána
  Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta: 1850 211 407.

Nuair atá duine a bhfuil amhras faoi le teacht os comhair cúirte inseoimid duit:

- cibé a bhfuil an té a bhfuil amhras faoi á choinneáil sa phríosún ('faoi choimeád') nó faoi bhannaí agus aon choinníollacha a bhaineann leis an mbannaí, mar shampla fanacht glan ort féin nó ar do theach;
- am, dáta agus láthair na héisteachta cúirte;

- an próiseas ionchúisimh – más dóigh go nglaofar mar fhinné tú inseoimid duit faoin tacaíocht is féidir leat a fháil ó eagraíochtaí deonacha a thacaíonn le híospartaigh choireachta;
- faoi chásanna ina gceadaíonn an dlí duit mar íospartach, fianaise a thabhairt don chúirt faoi thionchar na coire ort;
- faoi chostais chúirte; agus
- toradh deiridh na trialach coiriúla.

Más cuairteoir tú ar Éirinn

Más cuairteoir tú ar Éirinn agus más íospartach coireachta nó teagmhais thrámaigh tú déanfaimid freisin, le do chead, tú a tharchur chuig seirbhísí na Seirbhíse Éireannaigh um Chúnamh do Thurasóirí
An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí, uimhir theileafóin: 1890 365 700.

Léireoimid íogaireacht ar leith maidir le coireanna gnéasacha

- cuirfimid Garda den inscne chéanna ar fáil;
- cuirfimid dochtúr den inscne chéanna ar fáil chomh fada agus is féidir nuair a iarrtar orainn é; agus
- tabharfaimid sonraí duit faoi aon eagraíochtaí tacaíochta áitiúla d'íospartaigh choireanna gnéasacha.

Teaghlaigh íospartaigh dhúnmharaithe nó íospartaigh mharaithe mhídhleathaigh eile

Fanfaidh an Ceannfort áitiúil de chuid an Gharda Síochána i dteagmháil go díreach leat agus le haon eagraíocht a thacaíonn le híospartaigh ar iarr tusa uirthi cabhrú leat. Coimeádfaimid teagmháil idir tusa, an Garda imscrúdaithe agus aon eagraíocht tacaíochta iomchuí trí Oifigeach ainmnithe Idirchaidrimh le Teaghlaigh de chuid an Gharda Síochána ón bhfoireann imscrúdaithe.

Íospartaigh an fhoiréigin teaghlaigh

I gcásanna foiréigin teaghlaigh tá polasaí ar son gabhála againn chun cosaint a thabhairt do chéilí nó do pháirtithe agus don teaghlach. Cuirfimid comhairle ort freisin faoi sheirbhísí tacaíochta áitiúla.

Daoine Scothaosta

Más duine scothaosta tú a bhí i d'íospartach coireachta leanfaimid orainn ag déanamh gach rud réasúnta is féidir chun cosaint agus athdhearbhú a thabhairt duit. Déanfaimid comhairle a thairscint freisin faoi shlándáil bhaile agus faoi do shábháilteacht i measc an phobail.

Riachtanais Speisialta

Má tá aon chineál míchumais ort cuirfimid do riachtanais speisialta san áireamh.

Mura bhfuil Béarla nó Gaeilge go líofa agat

Cuirfimid saorsheirbhís aistriúcháin ar fáil sa chaoi go bhfaighidh tú an caighdeán seirbhíse céanna is a gheobhadh íospartach coireachta ar bith, chomh fada agus is féidir.

Pobail aeracha, leispiacha, déghnéasacha agus trasinscneacha

Más ball den phobal aerach, leispiach, déghnéasach nó trasinscneach tú déanfaimid do chás a bhainistiú go híogair. Nuair is cuí déanfaimid tú a tharchur freisin go dtí Oifigeach Idirchaidrimh leis an Lucht Aerach laistigh den Gharda Síochána.

Teagmhais chiníocha

Más íospartach teagmhais chiníoch tú:

- déanfaimid an teagmhas a thuairisciú go beacht;
- déanfaimid do ghearán a imscrúdú; agus
- cuirfimid i dteagmháil tú leis an Oifigeach Idirchaidrimh Eitnigh de chuid an Garda Síochána i do cheantar.

Coireanna a dhéanann daoine óga

Más íospartach coireachta tú agus más duine óg a rinne an choir:

- cuirfimid in iúl duit más duine óg an té a rinne an choir;
- cuirfimid san áireamh aon tuairimí ar mian leatsa mar íospartach a nochtadh agus duine óg á bhreithniú don Chlár Athstiúrtha; ach is cinneadh do Stiúrthóir an Chláir amháin a bheidh ann i gcónaí an cinneadh chun duine óg a scaoileadh isteach sa Chlár;
- d'fhéadfadh go dtabharfaimis cuireadh duit a bheith i láthair dá mbeadh rabhadh á thabhairt againn don duine óg;
- d'fhéadfadh go dtabharfaimis cuireadh duit go dtí Comhdháil Teaghlaigh de chuid an Gharda Síochána; agus
- seasfaimid le do leas mar íospartach ag Comhdháil Teaghlaigh de chuid an Gharda Síochána, bíodh tú i láthair nó ná bíodh.

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH

Mura mbíonn tú sásta leis an tseirbhís atá á tairscint againn – nó má bhíonn aon cheisteanna, moltaí nó aiseolas agat faoi aon ghné den chaoi ar chaith comhaltaí den Gharda Síochána leat, ná bíodh aon leisce ort dul i dteagmháil le:

Do Cheannfort áitiúil de chuid an Gharda Síochána
Tá mionsonraí ar fáil ag www.garda.ie nó san eolaí teileafóin (leathanaigh uaine) faoi An Garda Síochána
nóOifig Idirchaidrimh Íospartaigh de chuid an Gharda Síochána,
An Garda Síochána,
An Rannóg Póilíneachta Pobail agus Chaidreamh Pobail,
Cearnóg Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 666 3880 nó (01) 666 3822 nó (01) 666 3882

Faics: (01) 666 3801
R-phost: crimevictims@garda.ie

(Déantar monatóireacht orthu go léir le linn uaireanta gnó)

Tabharfaimid freagra ar do cheist a luaithe agus is féidir.
Is féidir leat freisin gearán a chur ar aghaidh chuig:

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.
Íosghlao: 1890 600 800
Teil: (01) 871 6727
Faics: (01) 814 7023
R-phost: info@gsoc.ie
Láithreán Gréasáin: www.gardaombudsman.ie

RÓL AN GHARDA SÍOCHÁNA

Aithnímid an áit speisialta atá ag íospartaigh laistigh de sheirbhís an Gharda Síochána agus laistigh den chóras ceartais choiriúil. Táimid tiomanta do bhunú caidrimh cuiditheach tacúil leat. Is ardtosaíocht dúinne aire a thabhairt do do dhínit, do na rudaí is cás duit agus do do riachtanais.

Treoraíonn luachanna gairmiúla mar mhacántacht, freagracht, meas agus gairmiúlacht agus caighdeáin eiticiúla sinn agus muid i mbun ár ndualgas agus i seachadadh ár seirbhísí póilíneachta poiblí.

Tá an Garda Síochána tiomanta do:

- chosaint na beatha agus maoine
- bhrath agus cosc na coireachta
- chaomhnú na síochána,
- choinneáil na sábháilteachta poiblí.

Tá sé mar aidhm againn a bheith cúirtéiseach, cuiditheach, ómósach agus gairmiúil. Má tá tusa trína chéile faoi choir nó faoi theagmhas trámach eile,

freagróimid do do riachtanais ar bhealach comhbhách íogair.

Nuair a thuairiscíonn tusa coir déanfaimid an scéal a imscrúdú agus cuideoimid chun an dream atá freagrach a thabhairt faoi réim an cheartais. Déanaimid é seo tríd an bhfianaise ar fad a bhaineann leis an teagmhas a bhailiú ar bhealach cóir, macánta agus neamhchlaonta. Ansin déanfaimid ceann de na nithe seo a leanas:

- i gcás coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach tabharfaimid an cás os comhair na Cúirte Dúiche in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí má bhíonn go leor fianaise ann;
- má tá an ciontóir idir 10 agus 17 bliain d'aois déanfaimid cinneadh an bhfuil an duine sin oiriúnach don Chlár Athstiúrtha; nó
- cuirfimid cód ar ár n-imscrúdú go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) agus lorgóimid treoir ar chóir ionchúiseamh coiriúil a bheith ann.

Caithfidh gach comhalta den Gharda Síochána le híospartaigh le dínit agus le meas - is cuma cén inscne, cine, creideamh, bunús eitneach, claonadh gnéasach, aois, náisiúntacht, míchumas, cúinsí eacnamaíocha, stádas pósta nó teaghlaigh atá agat nó más duine den Lucht Siúil tú.

Tá leas íospartach agus tacaíocht dóibh lárnach in ár gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail, gníomhaireachtaí reachtúla agus eagraíochtaí deonacha.

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

3 Cairt Íospartach na Seirbhíse Cúirteanna

3: Cairt Íospartach na Seirbhíse Cúirteanna

CONAS A FHREASTALÓIDH AN TSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA ORT

Tá sé d'aidhm ag an tSeirbhís Cúirteanna breathnú i ndiaidh riachtanais íospartaigh na coireachta trí na háiseanna agus na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil:

- tá seomraí feithimh d'íospartaigh ar fáil i mbeagnach gach teach cúirte athchóirithe agus i roinnt tithe cúirte eile chomh maith;
- tá svuít tiomanta cheithre sheomra agus ionad fáilte ar fáil d'íospartaigh laistigh de na Cúirteanna Coiriúla Breithiúnais i mBaile Átha Cliath;
- más féidir, cuirfear seomraí ar leataobh go speisialta le haghaidh íospartach i ngach tionscadal athchóirithe amach anseo;
- tá áiseanna nasc físe ar fáil i roinnt seomraí cúirte – faoi réir orduithe na Cúirte, is féidir le finnéithe soghonta iad seo a úsáid agus fianaise á tabhairt acu. Mura mbíonn na háiseanna seo ar fáil sa seomra cúirte a bhfuil tusa ag freastal air féadfaidh an Chúirt a ordú go mbogtar an éisteacht go dtí seomra cúirte áit a bhfuil a leithéid d'áiseanna ar fáil, sa chaoi gur féidir leat fianaise a thabhairt trí nasc físe;
- tá suíocháin fhorchoimeádta ar fáil do theaghlach an duine éagtha i gcásanna dúnmharaithe agus dúnorgain ag éisteachtaí sa Chúirt Choiriúil Chuarda agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, ach socrú a dhéanamh roimh réidh;
- is féidir le híospartaigh cuairt a thabhairt ar theach na cúirte roimh an triail, ach socrú a dhéanamh roimh réidh, agus má bhíonn gá leis;
- oifigigh idirchaidreamh custaiméirí laistigh de gach ceann dár n-oifigí – is iad na hoifigigh seo an chéad phointe teagmhála d'aon fhiosrú ó íospartach. Is féidir le hoifigigh idirchaidreamh custaiméirí rochtain ar sheomraí íospartach a shocrú, tráth a mbíonn siad ar fáil, agus suíocháin teaghlaigh i gcásanna dúnmharaithe agus dúnorgain a chur in áirithe, agus cuairteanna roimh réidh ar thithe cúirte a eagrú. Is féidir leo

freisin sonraí teagmhála a thabhairt duit d'eagraíochtaí deonacha a thairscíonn tacaíocht d'íospartaigh na coireachta; agus

- bíonn suíonna dlí teaghlaigh faoi leith i ngach mórláthair cúirte – ach is féidir cásanna práinneacha, mar iarratas ar ordú cosanta, a éisteacht i gcónaí ag amanna eile chomh maith.

Seiribhísí eile

Cuirimid tacaíocht agus eolas ar fáil freisin trí na seirbhísí seo a leanas:

- tabharfaidh ár láithreán gréasáin www.courts.ie, raon leathan eolais duit faoi dhul chun na cúirte – tá an láithreán gréasáin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, agus tá roinnt foilseachán ar fáil freisin i bhFraincis agus i Spáinnis. Tá roinn sa láithreán gréasáin do dhaoine atá ag dul chun na cúirte den chéad uair, lena n-áirítear mar íospartach nó mar fhinné;
- foilseachán dár teideal Ag Dul Chun na Cúirte – tá sé seo le fáil mar leabhrán, ar DVD nó ar ár láithreán gréasáin. Tugann sé raon eolais faoin gcaoi a n-oibríonn próiseas na cúirte, lena n-áiritear cad a tharlaíonn sa chúirt, cé hiad na daoine atá i láthair sa chúirt agus cad a tharlaíonn tar éis trialach;
- seirbhís ateangaireachta i seomra na cúirte – tá sé seo ar fáil, ar ordú na cúirte, d'fhinnéithe nach labhrann Béarla sa chaoi gur féidir leo a gcuid fianaise a thabhairt nó ráiteas tionchair íospartaigh a dhéanamh i gcás go gceadaíonn an dlí nó an chúirt go ndéanfaí ráiteas.

Tá sé mar aidhm againn seirbhís chúirtéiseach, chóir agus íogair a sholáthar d'íospartaigh na coireachta. Leanfaimid orainn ag caint le grúpaí úsáideoirí speisialta a dhéanann ionadaíocht thar cheann íospartach ag an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta araon.

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH

Is mian linn seirbhís éifeachtach agus gasta a thabhairt duit a fhreastalaíonn ar do riachtanais. Má bhíonn tú míshásta le haon chuid dár seirbhís is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Seirbhíse do Chustaiméirí, a dhéileálann le gearáin.

Féadfaidh tú dul i dteagmháil le duine ar bith díobh seo a leanas:

Ceannasaí Seirbhísí do Chustaiméirí
An tSeirbhís Chúirteanna
Teach Phoenix
15–24 Sráid Phoenix Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7.

Teil: (01) 888 6000
Faics: (01) 888 6090
Láithrean Gréasáin: www.courts.ie

- Cléireach na Cúirte Dúiche Áitiúil; nó
- An Cláraitheoir Contae Áitiúil.

Is féidir leat sonraí teagmhála don dá cheann deireanach a fháil ar www.courts.ie, nó ar leathnaigh uaine an eolaí teileafóin faoin roinn 'An tSeirbhís Cúirteanna'.

RÓL NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA

Bunaíodh an tSeirbhís Chúirteanna i Samhain 1999 leis na cúirteanna a bhainistiú. Caithfimid, de réir dlí, riachtanais úsáideoirí cúirte, lena n-áirítear finnéithe agus íospartaigh na coireachta, a chur san áireamh. Leagtar ár sainordú síos in Acht na Seirbhíse Cúirteanna, 1998.

An tSeirbhís Chúirteanna:

- tá sí freagrach as bainistiú agus riaradh na gcúirteanna;
- cuireann sí áiseanna ar fáil d'úsáideoirí cúirteanna;
- déanann sí bainistiú agus cothabháil ar fhoirgnimh chúirte;
- tugann sí eolas ar chóras na gcúirteanna; agus
- cuireann sí riachtanais úsáideoirí cúirte, lena n-áirítear íospartaigh choireachta, san áireamh agus beartais agus straitéisí á bhforbairt chun ár sainordú a fheidhmiú.

Tabhair ar aird le do thoil nach féidir linn aon rud a rá nó idirghabháil a dhéanamh ar aon bhealach ar chúrsaí pianbhreitheanna agus ar íospartaigh ag tabhairt fianaise. Is cúrsaí iad seo don bhreitheamh atá neamhspleách agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna á gcomhlíonadh. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar chinneadh breithimh ach trí na cúirteanna – mar shampla trí achomharc a dhéanamh.

DO THREOIR DO NA CÚIRTEANNA COIRIÚLA

Cúirt	Cásanna coiriúla a éisteadh	Á éisteacht	Láthair
An Chúirt Dúiche	Mionchoireanna	Breitheamh amháin, gan aon ghiúiré	130 teach cúirte
An Chúirt Chuarda	Coireanna níos tromchúisí, ach amháin coireanna mar dhúnmharú, éigniú, ionsaí tromchúiseach gnéasach Déileálann freisin le hachomhairc ón gCúirt Dúiche	Breitheamh amháin agus giúiré in éineacht leis	8 cuaird agus suíomh amháin ar a laghad den Chúirt Chuarda i ngach contae
An Ard-Chúirt	Ar a dtugtar an Phríomh-Chúirt Choiriúil agus cásanna coiriúla á dtriail lasmuigh de dhlínse na Cúirte Cuarda – mar shampla cásanna dúnmharaithe, éigniú agus ionsaí tromchúiseach gnéasach	Breitheamh amháin agus giúiré leis	Cúirteanna Coiriúla Breithiúnais i mBaile Átha Cliath agus láithreacha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ó am go chéile
An Chúirt Choiriúil Speisialta (a bunaíodh 1972)	Coireanna sonraithe a bhaineann go príomha le sceimhlitheoireacht agus le coiriúlacht thromchúiseach 'eagraithe'	Triúr breitheamh, gan aon ghiúire	Cúirteanna Coiriúla Breithiúnais i mBaile Átha Cliath

Cúirt	Cásanna coiriúla a éisteadh	Á éisteacht	Láthair
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	Achomhairc ón gCúirt Chuarda, ón bPríomh-Chúirt Choiriúil agus ón gCúirt Choiriúil Speisialta Is breitheanna críochnaitheacha iad mura mbíonn pointe dlí i gceist ar díol spéise poiblí ar leith é	Breitheamh Ard-Chúirte	Cúirteanna Coiriúla Breithiúnais i mBaile Átha Cliath
An Chúirt Uachtarach	Achomhairc ón gCúirt Achomhairc Choiriúil ar phointe dlí ar díol spéise poiblí ar leith é Achomhairc in aghaidh Orduithe Ard-Chúirte in iarratais ar Athbhreithnithe Breithiúnacha Cásanna sonraithe ón gCúirt Chuarda (is éard is cás sonraithe ná ráiteas i scríbhinn a leagan amach fíricí an cháis)	Triúr, nó i gcásanna áirithe, cúigear breitheamh den Chúirt Uachtarach	Na Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

4 Cairt Íospartach Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP)

4: Cairt Íospartach Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP)

CONAS A FHREASTALÓIDH AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ (DPP) ORT

Más íospartach tú féadfaidh tú iarraidh orainn:

- do dhearcadh a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh againn ar chóir ionchúiseamh a dhéanamh;
- breathnú arís ar chinneadh a rinneamar nach n-aontaíonn tusa leis.

Más duine de do theaghlach nó den líon tí é an t-íospartach i gcás marfach, féadfaidh tú iarraidh orainn agus inseoimid duit:

- an fáth atá leis, nuair is féidir é, má shocraímid gan ionchúiseamh a dhéanamh. Déanfaimid é seo i gcásanna in ar tharla an marú ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.

Más finné tú:

- caithfimid leat le hómós agus cuirfimid do staid phearsanta, do chearta agus do dhínit san áireamh;
- oibreoimid leis na Gardaí chun a chinntiú go gcoinnítear suas chun dáta tú ar do chás, go háirithe más coir ghnéasach nó fhoréigneach atá i gceist; agus
- socróimid go labharfá le haturnae agus le habhcóide an ionchúisimh sula dtosaíonn an cás cúirte, más mian leat é. Míneoidh siad cad a tharlóidh sa chúirt ach ní féidir leo labhairt leat faoin bhfianaise a thabharfaidh tú.

Má tá téarma priosúnachta gearrtha ar an gcúisí, féadfaimid:

- iarraidh ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil athbhreithniú a dhéanamh ar an bpianbhreith má cheapaimid go bhfuil sé róthrócaireach – i bhfocail eile, go bhfuil sé chomh héadrom sin go bhfuil sé mícheart sa dlí. Féadfaimid athbhreithniú ar phianbhreitheanna a lorg ón bPríomh-

Chúirt Choiriúil, ón gCúirt Chuarda Choiriúil agus ón gCúirt ChoiriúilSpeisialta. Ní féidir linn achomharc a dhéanamh ar phianbhreith ón gCúirt Dúiche.

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH

Má bhíonn ceisteanna nó gearáin agat faoinár seirbhís, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis:
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
14 - 16 Sráid Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 678 9222
Faics: (01) 661 0915
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

Féadfaidh tú freisin cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin agus teacht ar ár

- leabhrán eolais ar Ról an DPP; ;
- leabhrán eolais ar Dul chun na Cúirte mar Fhinné;
- Treoir Achomair ar an gCóras Ceartais Choiriúil; agus
- Roinn ar Íospartaigh agus ar Fhinnéithe.

RÓL OIFIG AN DPP

Nuair a thugann tú tuairisc faoi choir thromchúiseach, déanfaidh na Gardaí í a imscrúdú agus cuirfidh siad comhad chuig Oifig an DPP. Léifimid an comhad sin ansin féachaint an bhfuil go leor fianaise ann chun duine a chúiseamh sa choir agus cad é an cúiseamh ar chóir a bheith ann.

Cinneadh ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh
Is cinneadh tromchúiseach é an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh – féadfaidh sé buantionchar a bheith aige ar íospartach na coireachta agus ar an té a cúisíodh araon. Is é an DPP amháin nó duine dár ndlíodóirí ar féidir leo

cinneadh a dhéanamh i gcásanna tromchúiseacha – mar shampla, dúnmharú, coireanna gnéasacha nó timpistí marfacha bóthair.

D'fhéadfadh go ndéanfadh na Gardaí cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh i gcoireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach. Ach fós féin tugtar an t-ionchúiseamh ar aghaidh in ainm an DPP agus tá sé de cheart ag an DPP a rá leis na Gardaí cén chaoi le déileáil leis an gcás.

Feidhmímid go neamhspleách agus cinneadh á dhéanamh faoi ar chóir ionchúiseamh a dhéanamh. Ciallaíonn se seo nach féidir le duine ar bith eile, an Rialtas féin fiú, a rá linn ar chóir ionchúiseamh a dhéanamh i gcás, nó nár chóir.

Gan ionchúiseamh a dhéanamh

Má chinnimid gan ionchúiseamh a dhéanamh, ní thabharfaimid na cúiseanna ach do na Gardaí a d'imscrúdaigh an cás. Ach, nuair is féidir, tabharfaimid cúiseanna i gcásanna marfacha do dhuine de theaghlach nó de líon tí an íospartaigh, má iarrann siad orainn. Déanfaimid é seo i gcásanna in ar tharla an marú ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó dá éis.

Coireanna á n-ionchúiseamh sa chúirt

Inseoidh na Gardaí duit cibé ar shocraíomar ionchúiseamh a dhéanamh agus, má shocraigh, cathain agus cén áit a mbeidh an cás cúirte ar siúl.

Éistear na cásanna is tromchúisí sa:

- Phríomh-Chúirt Choiriúil,
- Chúirt Chuarda Choiriúil; nó
- sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Sna cásanna sin, déanfaidh dlíodóir ag feidhmiú thar cheann an DPP an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

Éistear cásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach sa Chúirt Dúiche. Sna cásanna seo déanfaidh na Gardaí nó dlíodóir ag feidhmiú thar cheann an DPP an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

5 Cairt Íospartach na Seirbhíse Promhaidh

5: Cairt Íospartach na Seirbhíse Promhaidh

CONAS A FHREASTALÓIDH AN TSEIRBHÍS PHROMHAIDH ORT

Más íospartach tú:

- Ullmhóimid tuairisc thionchair íospartaigh leat, nuair a lorgaíonn na cúirteanna í;
- d'fhéadfadh go dtabharfaimis cuireadh duit páirt a ghlacadh i gcomhdháil teaghlaigh d'ógchiontóir agus thabharfaimis tacaíocht duit sa phróiseas seo; agus
- míneoimid ciall na n-orduithe difriúla a fheidhmímid don chúirt, má iarrann tú orainn é sin a dhéanamh. Déanfaimid é seo ar an bhfón, i scríbhinn nó duine le duine, ag brath ar na cúinsí.

Áirítear ar na horduithe iad seo a leanas:

- promhadh – sa chás seo, cuireann an chúirt ciontóir faoi mhaoirseacht oifigeach promhaidh go ceann suas le trí bliana. D'fhéadfadh go mbeadh connìollacha áirithe san ordú promhaidh chun cosc a chur ar dhuine an choir chéanna a dhéanamh in athuair nó coireanna eile a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh freastal ar lárionad áirithe le haghaidh coireála ar andúil, nó páirt a ghlacadh i gcúrsa oiliúna oideachasúil nó gairme, san áireamh sna coinníollacha seo. D'fhéadfadh go mbeadh ar chiontóir filleadh ar an gcúirt má theipeann air cloí leis na coinníollacha, agus d'fhéadfaí go ngearrfaí pianbhreith nua don choir bhunaidh;
- seirbhís phobail – sa chás seo, féadfaidh cúirt ordú do dhuine os cionn 16 bliain d'aois obair gan íocaíocht a dhéanamh ar feadh tréimhse idir 40 agus 240 uair a chloig. Ní mór don obair seo leas an phobail a dhéanamh agus caithfidh an duine í a chomhlíonadh laistigh de bhliain amháin. Socraíonn an tSeirbhís Phromhaidh na socrúcháin seirbhíse pobail agus déanann bainistiú orthu. Má theipeann ar an duine an tseirbhís phobail a thabhairt chun críche, socróimid go bhfillfidh an duine ar an gcúirt;

- maoirseacht le linn don phionós a chur siar – féadfaidh cúirt a shocrú an phianbhreith a chur siar (is é sin go gcuirfí ar athló é go dtí dáta níos deireanaí) ar feadh tréimhse ama nach mó ná bliain de ghnáth, chun seans a thabhairt don chiontóir breathnú ar na saincheisteanna a bhí bainteach leis an gcoir. Le linn an ama seo, d'fhéadfadh go mbeadh ar an gciontóir fanacht faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh;
- maoirseacht ar phianbhreith a raibh cuid di ar fionraí – i gcás go gcuireann an chúirt an chuid dheiridh de phianbhreith an phríosúin ar fionraí, féadfaidh an chúirt an duine a chur faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh d'fhonn athchiontú a laghdú. D'fhéadfadh go mbeadh ar an duine freisin páirt a ghlacadh i gcúrsa nó i gclár cóireála atá faofa ag an gcúirt. Féadfaidh an chúirt coinníollacha a leagan síos chun tacú leis an maoirseacht;
- maoirseacht iarscaoilte saor – féadfaidh an chúirt tréimhse mhaoirseachta iarscaoilte saor a dhéanfadh an tSeirbhís Phromhaidh a chur san áireamh i bpianbhreith ciontóra gnéasaigh. Arís, féadfaidh an chúirt coinníollacha a leagan síos chun tacú leis an maoirseacht; agus
- smachtbhannaí pobail d'ógchiontóiri – tá naoi smachtbhanna pobail a bhfuil an roinn Promhaidh do Dhaoine Óga den tSeirbhís Phromhaidh bainteach leo. Áirítear orthu seo cineálacha speisialta orduithe promhaidh, mar aon le horduithe seirbhíse pobail, ionad lae agus meantóireachta.

In ár gcuid oibre le ciontóirí, déanfaimid:

- ciontóirí a spreagadh go láidir chun freagracht a ghlacadh as an ngortú, as an díobháil agus as an bhfulaingt a bhféadfadh go ndearna siad ort:
- cinnte de go gcoinníonn ciontóirí orthu ag tabhairt aghaidh ar aon cheist chineáil saoil nó meoin a raibh páirt acu ina gcionta i d'aghaidh;
- tagairt don tionchar dóchúil ar íospartaigh nuair a ullmhaímid tuairiscí ar chiontóirí do na cúirteanna; agus
- a chinntiú go bhfuil tuiscint ag aon chlár pobalbhunaithe do na hábhair is imní duit agus go bhfuil sé mar aidhm acu an t-athchiontú a chosc.

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH

Tá Comhordaitheoir Seirbhíse Íospartach ag an tSeirbhís Phromhaidh. Má bhíonn aon cheist, imní nó gearán agat maidir le híospartaigh, téigh i dteagmháil le:

Ursula Fernee
Príomhoifigeach Cúnta Promhaidh
Comhordaitheoir Seirbhíse Íospartaigh
An tSeirbhís Phromhaidh
Margadh an Fhéir
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7.

Teil: (01) 817 3631
Faics: (01) 817 3644
R-phost: ugfernee@probation.ie
Láithreán gréasáin: www.probation.ie

RÓL NA SEIRBHÍSE PROMHAIDH

Is gníomhaireacht laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí í an tSeirbhís Phromhaidh. Oibríonn ár n-oifigigh phromhaidh le ciontóirí ar fud na tíre agus i bpríosúin agus in ionaid choinneála chomh maith, le go mbeidh na pobail níos sábháilte. Déanaimid é seo trí chuidiú le ciontóirí saol níos fearr a chaitheamh, saor ón gcoireacht agus ón dochar a dhéanann sí.

Is é an ról atá againn:

- seirbhís a chur ar fáil do chúirteanna, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar chiontóirí sa phobal;
- tuairiscí ar chiontóirí aonair a ullmhú, lena n-áirítear tionchar na coire ar an íospartach (na híospartaigh)
- comhdháil teaghlaigh a eagrú d'ógchiontóir má ordaíonn an chúirt dúinn é sin a dhéanamh; agus
- cláir a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar chuspóir acu aghaidh a thabhairt ar iompar goilliúnach agus ar íospairt a laghdú.

Cuirimid san áireamh braistintí agus tráma an íospartaigh agus sinn i mbun ár gcuid oibre.

(Eagrán: Meitheamh,, 2010)

6 Cairt Íospartach na Seirbhíse Príosúin

6: Cairt Íospartach na Seirbhíse Príosúin

CONAS A FHREASTALÓIDH AN TSEIRBHÍS PHRÍOSÚIN ORT

Déanfaimid iarracht:

- gach ciontóir a ngearrtar pionós príosúin air a athshlánú, sa chaoi nach mbeidh daoine eile ina n-íospartaigh choireachta amach anseo;
- a chinntiú i ngach cás den scaoileadh sealadach, go gcuirfimid aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don íospartach san áireamh;
- ár ndícheall a dhéanamh chun cosc a chur ar chiontóir sa phríosún a thuilleadh cur isteach a dhéanamh ar íospartaigh;
- a rá leis an nGarda Síochána faoi scaoileadh saor aon chiontóir gnéasach;
- a rá leat nuair atá an ciontóir le scaoileadh saor ón bpríosún– ar scaoileadh saor sealadach nó ag deireadh a phianbhreithe – má lorgaíonn tú féin nó ball de do theaghlach an t-eolas seo. I gcásanna ina n-ordaíonn an Chúirt an scaoileadh saor, cuirfimid in iúl duit de ghnáth tar éis a scaoilte; agus
- insint duit faoi fhorbairtí iomchuí eile maidir le pianbhreith an phríosúnaigh má iarrann tú orainn é – mar aistrithe idir príosúin nó éisteachtaí de chuid an bhoird pharúil (do phríosúnaigh ar gearradh ocht mbliana nó níos mó orthu).

Más mian leat go n-inseoimid duit faoin scaoileadh saor nó faoi aon fhorbairtí tábhachtacha eile, cuir iarratas le do thoil chuig Oifigeach Idirchaidreamh Íospartach na bPríosún ag an seoladh thíos.

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH

Má bhíonn aon cheisteanna nó aon ghearáin agat faoi Sheirbhís Phríosún na hÉireann, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an:

Oifigeach Idirchaidreamh Íospartach
Ceannáras Sheirbhís Phríosún na hÉireann
Lárionad Gnó IDA
Bóthar Bhéal Átha na Lao
Co. Longfort.

Teil: (043) 333 5100
Faics: (043) 333 5101
R-phost: vlo@irishprisons.ie
Láithreán Gréasáin: www.irishprisonsie

RÓL NA SEIRBHÍSE PRÍOSÚIN

Déanann an tSeirbhís Phríosúin bainistiú ar phríosúin in Éirinn.

Clúdaíonn ár ról na limistéir seo a leanas:

- **príosúin** – cuirimid áit slán daingean ar fáil do dhaoine a gcuireann na cúirteanna faoi choimeád go dtí an príosún iad. Tá idir institiúidí ardslándála go socruithe le leibhéil níos ísle slándála i gceist sna príosúin. Cuirtear gach príosúnach i bpríosún, ag teacht leis an gcoir a rinne siad, fad na pianbhreithe agus méid an phriacail. Féadfaidh tú níos mó eolais faoi phríosúin agus faoi ionaid choinneála in Éirinn a fháil sa chéad chuid eile;
- **athshlánú** – chun cosc a chur ar athchiontú príosúnach nuair a scaoiltear as an bpríosún iad, tá sé d'aidhm againn gach ciontóir a athshlánú. Déileálann seirbhísí athshlánaithe le ceisteanna mar iompar goilliúnach, andúil i ndrugaí agus in alcól, easpa oideachais agus oiliúna, láimhseáil feirge agus féin-bhainistíocht, agus tugann aghaidh orthu. Spreagann sé seo forbairt phearsanta príosúnach agus ullmhaíonn iad dá scaoileadh saor nuair a bheidh orthu athlonnú i measc an phobail;
- **loghadh pianbhreithe** –ceadaíonn an dlí do phríosúnaigh go ndéanfaí a bpianbhreitheanna a laghdú aon cheathrú do dhea-iompar. Cuireann breithiúna é seo san áireamh agus pianbhreith á gearradh. Ní bhíonn dáta scaoilte saor ag príosúnaigh a bhfuil pianbhreith saoil á cur isteach acu agus ní shaortar iad ach le faomhadh an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, tar éis moladh ón mBord Parúil;

- **scaoileadh saor ó phríosún** – scaoiltear saor ciontóirí ón bpríosún de ghnáth nuair a bhíonn a dtréimhsí pianbhreithe istigh nó nuair a fhaomhaítear iad le haghaidh scaoileadh saor luath nó sealadach. Beidh ar phríosúnach, ar gearradh pianbhreith saoil air, a scaoiltear saor ón bpríosún, coinníollacha áirithe a chomhlíonadh ar feadh a shaoil – lena n-áirítear maoirseacht ón tSeirbhís Phromhaidh agus coinníollacha eile atá ceaptha leis an bpobal a chosaint. Má sháraíonn siad na coinníollacha seo d'fhéadfadh go mbeadh ar an bpríosúnach filleadh ar an bpríosún. Féadfar príosúnaigh a scaoileadh saor de thoradh achomhairc nó próisis dhlíthiúil eigin eile. I gcásanna áirithe is féidir go scaoilfí príosúnach nár ciontaíodh amach ar bannaí, tar éis iarratas chun na gcúirteanna;
- **ciontóirí gnéis** –tá gach ciontóir gnéis a scaoileadh saor ón bpríosún tar éis 27 Meán Fómhair 2001 faoi réir srianta áirithe. Caithfidh siad an Garda Síochána a chur ar an eolas faoina seoladh reatha agus faoi aon athrú air amach anseo;
- **scaoileadh saor sealadach** – ceadaíonn sé seo dúinn lánpháirtíocht sa phobal a thabhairt in athuair do chiontóir ar bhealach pleanáilte. Áirítear ar shocruithe don scaoileadh saor sealadach:
    - scaoileadh saor faoi mhaoirseacht dhíreach na Seirbhíse Promhaidh;
    - scaoileadh saor chun fostaíochta nó clár oiliúna;
    - scaoileadh saor atruach de bharr drochshláinte nó cúinsí teaghlaigh; nó
    - Scaoileadh saor chun cuidiú leis an gciontóir lánpháirtíocht a bhaint amach in athuair agus iad ag tarraingt ar dheireadh na pianbhreithe.

Cuirimid a lán tosca san áireamh agus príosúnaigh á meas don scaoileadh saor sealadach, lena n-áirítear aon dáinséar a d'fhéadfadh a bheith ann don phobal agus dá n-íospartach. Nuair a scaoilimid ciontóir saor ar scaoileadh saor sealadach, déanaimid iarracht a chinntiú nach mbíonn aon teagmháil acu le híospartach a gcoireachta; agus

- **An Bord Parúil** – cuireann an Bord comhairle ar an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí faoi phianbhreitheanna príosúin fadtéarmacha. Mar a tharlaíonn le scaoiltí saor sealadacha agus luath, cuireann an Bord raon leathan tosca san áireamh agus moladh á dhéanamh aige. Féadfaidh íospartach, nó teaghlach íospartaigh a fuair bás de thoradh na coire, aighneacht a chur faoi bhráid an Bhoird Pharúil. Féadfaidh an tAire glacadh le moltaí an Bhoird Pharúil go hiomlán nó go páirteach, nó diúltú dóibh ar fad.

D'EOLAIRE AR PHRÍOSÚIN AGUS AR ÁITEANNA COINNEÁLA

Déanaimid ár ndícheall príosúnaigh a lonnú in institiúid atá chomh gar agus is féidir dá mbaile, sa chaoi gur féidir le gaolta agus le cairde cuairt a thabhairt orthu. Ní féidir é seo a dhéanamh i gcónaí – mar shampla, i gcás príosúnach a bhféadfadh gur bagairt don phobal iad agus nach mór iad a choinneáil i bpríosún ardslándála. Is éard is 'príosún cimithe' ná príosún a bhféadfadh an chúirt duine a chur chuige go díreach. Féadfaidh an tSeirbhís Phríosúin príosúnaigh a bhogadh ó phríosún cimithe go dtí priosúin nó institiúidí eile.

Príosún	An Cineál príosúin	Suíomh agus teileafón
Príosún Mhuinseó	Príosún dúnta cimithe d'fhireannaigh in aois a 18 bliain agus os a chionn agus ar gearradh pianbhreith orthu i gceantar Bhaile Átha Cliath	An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 (01) 806 2800
Ionad Dóchas	Príosún dúnta cimithe do bhaineannaigh in aois a 18 bliain agus os a chionn – osclaíodh é in Eanáir 2000, is é an príosún cimithe é do bhaineannaigh ar athchur (sé sin príosúnaigh nár ciontaíodh go fóill) nó ar gearradh pianbhreith orthu ó na cúirteanna uile lasmuigh de cheantar na Mumhan	An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 (01) 885 8987
An tAonad Oiliúna	Institiúid leathoscailte, agus leibhéil níos ísle slándála, do phríosúnaigh fhireanna in aois 18 bliain agus os a chionn – feidhmíonn sé mar thimpeallacht saor ó dhrugaí, agus béim láidir ar an obair agus ar oiliúint	Paráid an Ghleanna Ghairbh An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 (01) 806 2890

Príosún	An Cineál príosúin	Suíomh agus teileafón
Príosún Chruinneachtáin	Príosún dúnta cimithe do phríosúnaigh fhireanna agus bhaineanna in aois a 18 bliain agus os a chionn	Sráid Mulgrave Luimneach (061) 204 700
Príosún Luimnigh	Príosún dunta cimithe do phriosúnaigh fhireanna and bhaineanna in aois a 18 agus os a chionn	Sráid Mulgrave Limerick (061) 204 700
Príosún Phort Laoise	Príosún dúnta ardslándála do phríosúnaigh fhireanna in aois a 18 bliain agus os a chionn – is é an príosún cimithe don Chúirt Choiriúil Speisialta	Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co. Laoise (057) 862 1318
Príosún an Láir Tíre	Príosún dúnta do phríosúnaigh fhireanna in aois a 18 agus os a chionn – d'oscail i Samhain 2000, roghnaíodh le deireanaí é mar phríosún cimithe d'fhireannaigh ar gearradh pianbhreith orthu i gceantar Dheisceart Laighean	Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co. Laoise (057) 867 2110 nó (057) 867 2100
Foras Naomh Pádraig	Institiúid dúnta d'fhireannaigh óga in aois a 16 go 21 bliain d'aois	An Cuarbhóthar Thuaidh Baile Átha Cliath 7 (01) 806 2896
Teach na gCanónach	Ionad oscailte do phríosúnaigh fhireanna in aois a 19 bliain agus os a chionn – coinníonn sé príosúnaigh a dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu agus a bhfuil pianbhreitheanna gearra á gcur isteach acu nó iad ag druidim le deireadh pianbhreitheanna fada	An tInbhear Mór Co. Chill Mhantáin (0402) 423 00

Príosún	An Cineál príosúin	Suíomh agus teileafón
Príosún Chorcaí	Príosún dúnta do phríosúnaigh fhireanna in aois a 18 bliain agus os a chionn	Bóthar na Rátha Móire Cathair Chorcaí (021) 451 8800
Teach an Locháin	Ionad oscailte do phríosúnaigh fhireanna in aois a 18 bliain agus os a chionn – coinníonn sé príosúnaigh a dteastaíonn leibhéil níos ísle slándála uathu agus a bhfuil pianbhreitheanna gearra á gcur isteach acu nó iad ag druidim le deireadh pianbhreitheanna fada	An tIonad Oscailte An Blaic Co. an Chábháin (071) 985 3020
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	Príosún dúnta do phríosúnaigh fhireanna in aois a 18 bliain agus os a chionn – is é an príosún cimithe é do phríosúnaigh ar athchur agus ar gearradh pianbhreith orthu i réigiúin Chonnacht agus Uladh	Cluain Salach/ Harristown An Chaisleán Riabhach Co. Ros Comáin (094) 962 5213
Príosún Chnoc Seimre	Príosún dúnta do phríosúnaigh fhireanna in aois a 18 agus os a chionn – d'oscail i nDeireadh Fómhair 1999, freastalaíonn sé go príomha ar phríosúnaigh ar athchur agus is é an príosún cimithe é dóibh siúd a chuirtear faoi choinneáil ar athchur i gceantar Laighean	Bóthar Chnoc na Seamar Cluain Dolcáin Baile Átha Cliath 22 (01) 630 4530
Príosún Chnoc an Arbhair	Príosún dúnta do phríosúnaigh fhireanna in aois a 18 bliain agus os a chionn – tá pianbhreitheanna fadtéarmacha á gcur isteach ag furmhór na bpríosúnach nó is ciontóirí gnéis iad	Cnoc an Arbhair Baile Átha Cliath 7 (01) 671 9333

(Eagrán: Meitheamh, 2009)

7 Cairt Íospartach an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil

7: Cairt Íospartach an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil

CONAS A FHREASTALÓIDH AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL ORT

Má tá tú incháilithe le haghaidh ár seirbhísí:

- tabharfaimid comhairle dlí ardcaighdeáin duit in am tráth agus feidhmeoimid ar do shon sa chúirt, más infheidhme;
- cuirfimid comhairle ort i modh rúin; agus
- caithfimid go béasach leat i gcónaí ag teacht lenár gCairt Chustaiméirí.

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH

Más mian leat gearán a dhéanamh faoi aon ghné dár seirbhís, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh lenár:

Oifigeach Idirchaidreamh Custaiméirí
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
47 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 644 1900
Íosghlao: 1890 615 200
Faics: (01) 662 3661
Láithreán Gréasáin: www.legalaidboard.ie

RÓL AN BHOIRD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

Cuireann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil cúnamh dlí agus comhairle ar fáil i gcúiseanna sibhialta do dhaoine nach acmhainn leo íoc. Baineann an chuid is mó dár gcuid oibre le réimse dlí teaghlaigh agus foréigin teaghlaigh. Tá socruithe ar leith ann d'éigniú agus d'ionsaithe tromchúiseacha gnéis eile, chomh maith le cúiseanna gáinneála.

Déanaimid ár seirbhísí a sheachadadh trí líonra d'ionaid dlí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fud na tíre. Tá ár ndlíodóirí mar fhoireann sna hionaid seo. Tugaimid conradh freisin do dhlíodóirí príobháideacha chun seirbhísí a sholáthar dúinn.

Tá seirbhís chomhairleach againn d'íospartaigh éignithe agus cúiseanna ionsaithe tromchúiseacha gnéis eile. Chomh maith leis seo má dhéanann an cúisí iarratas chun na cúirte le linn cúis éignithe nó ionsaithe thromchúisigh gnéis chun ceisteanna a thógáil faoi do thaithíocht chollaí roimhe seo, déanfaimid ionadaíocht thar do cheann chun cosaint a dhéanamh ar an iarratas sin. Níl tástáil acmhainne ag dul leis na seirbhísí seo, agus tá siad ar fáil agat saor in aisce.

Tá sraith bileoga eolais againn faoinár gcuid seirbhísí agus na réimsí dlí a mbímid ag obair iontu. Féadfaidh tú na bileoga seo a fháil, mar aon le liosta na n-ionad dlí, ar ár láithreán gréasáin nó trí dhul i dteagmháil leis:

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
An Phríomh-Oifig
Sráid an Chalaidh
Cathair Saidhbhín
Co. Chiarraí.
Teil: (066) 947 1000
Láithreán Gréasáin: www.legalaidboard.ie

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

8 Cairt Íospartach na Seirbhíse Cróinéara

8: Cairt Íospartach na Seirbhíse Cróinéara

CONAS A FHREASTALÓIDH AN TSEIRBHÍS CHRÓINÉARA ORT

Is duine é an cróinéir a fhiosraíonn an chúis a bhíonn le bás obann gan mhíniú nó bás foréigneach. Más baill teaghlaigh nó cara duine a fuair bás de bharr na coireachta tú, míníonn an forléargas seo a leanas mar a fhreastalóidh an tSeirbhís Chróinéara ort.

Áirítear ar obair an chróinéara:

- sainaithint – cuireann sainaithint chorp an duine éagtha as go mór do bhaill teaghlaigh nó do chairde. I gcásanna áirithe is féidir socruithe a dhéanamh go ndéanfadh duine eile é seo duit, má airíonn tú go gcuirfeadh sé isteach rómhór ort é a dhéanamh tú féin;
- scrúduithe iarbháis – féadfaidh go mbeadh ar an gcróinéir scrúdú iarbháis a dhéanamh. Is scrúdú speisialta liachta ar an gcorp é seo. Tuigeann cróinéirí an imní a d'fhéadfadh a bheith ort faoi seo agus féadfaidh siad insint duit cén áit a bhfaighidh tú an t-eolas a chuideoidh leat a bhfuil ag tarlú a thuiscint. Tabharfaidh cróinéirí torthaí an scrúdaithe seo duit ar tháille socraithe, má lorgaíonn tú iad;
- scaoileadh chun adhlactha – déanfaidh cróinéirí a ndícheall corp an duine éagtha a scaoileadh chun adhlactha gan aon mhoill nach gá. Inseoidh siad duit an dáta agus an t-am ar dóigh go scaoilfear an corp;
- coistí cróinéara – cuirfidh cróinéirí coiste cróinéara ar bun a luaithe agus is féidir tar éis an bháis. Is fiosrú é coiste cróinéara faoin gcúis a bhí le bás obann, gan mhíniú nó bás foréigneach. De ghnáth, cuirfidh an Garda Síochána dáta, am agus áit an choiste cróinéara in iúl duit a luaithe agus is féidir. Ag an gcoiste cróinéara, féadfaidh cróinéirí a mhíniú duit cad tá i gceist. Déanfaidh cróinéirí iarracht a bheith chomh íogarach agus is féidir. Mar shampla, féadfaidh go roghnóidh tú an seomra cúirte a fhágáil agus an paiteolaí (dochtúir speisialta a thugann tuairisc ar an scrúdú ar an gcorp ag an scrúdú iarbháis) ag tabhairt fianaise;

- doiciméid – tar éis an choiste cróinéara, féadfaidh tú cóipeanna de dhoiciméid a lorg, mar thuairiscí post-mortem, ó oifig an chróinéara ar tháille socraithe.

I gcás básanna áirithe, mar shampla bás daoine óga agus páistí, d'fhéadfadh go gcuirfeadh cróinéirí ar an eolas tú faoi ghrúpaí tacaíochta agus líonraí áitiúla a bhféadfá dul i dteagmháil leo. Áirítear orthu seo oibrithe sóisialta ag ospidéil éagsúla agus comhairleoirí lucht méala. Ní feidhm dhíreach de chuid an chróinéara í seo.

MURA MBÍONN TÚ SÁSTA LEIS AN TSEIRBHÍS CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH

Má theastaíonn eolas ginearálta uait faoinár gcuid seirbhísí, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an oifig chróinéara iomchuí. Féadfaidh tú ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha teileafóin cróinéirí a fháil ó d'údarás áitiúil nó ónár láithreán gréasáin www.coroners.ie.

Féadfaidh tú tuilleadh eolais a fháil freisin trí dhul i dteagmháil leo seo a leanas:

An Fhoireann um Fheidhmiú na Seirbhíse Cróinéara
Teach Átha Luimnigh
Lárionad Gnó IDA
Baile Sheáin
An Uaimh
Co na Mí.
Teil: 046 909 1323
Faics: 046 905 0560
R-phost: csitmail@justice.ie

RÓL AN CHRÓINÉARA

Fiosraíonn cróinéirí an chúis a bhíonn le básanna tobanna, gan mhíniú, básanna foréigneacha nó mínádúrtha sa chaoi gur féidir deimhniú báis a eisiúint.

D'fhéadfadh go mbeadh orthu scrúdú iarbháis a chur ar bun, agus coiste cróinéara ina dhiaidh sin b'fhéidir. Is seirbhís thábhachtach phoiblí é seo, go háirithe do theaghlach agus do chairde an duine atá tar éis bás a fháil.

Is éard is coiste cróinéara ann ná fiosrúchán a chuireann cróinéir ar bun go poiblí, agus giúiré in éineacht leis in amanna. Is í aidhm an choiste cróinéara:

- na fíricí faoin mbás a aimsiú;
- na fíricí sin a chur ar an taifead poiblí; agus
- cinntí a dhéanamh faoi:
    - aitheantas an duine éagtha;
    - dáta agus am an bháis; agus
    - an chúis bháis.

Cé go bhféadfadh an cróinéir nó an giúiré moladh ginearálta a dhéanamh agus é d'aidhm acu básanna comhchosúla a chosc, **ní hé a jab siúd é a chinneadh cé air a raibh an locht nó an ndearnadh cion coiriúil.**

Tá an cróinéir neamhspleách i mbun a dhualgais nó a dualgais. Ní féidir athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí an chróinéara ach faoin dlí. Mar shampla, féadfaidh duine achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte trí iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach.

Tuigeann cróinéirí cé go bhfuil a bhfiosrú riachtanach, gur ábhar suaitheadh intinne agus tráma go minic é do theaghlach an íospartaigh. Déanfaidh cróinéirí a gcuid oibre chomh mothálach agus is féidir agus le hómós don duine éagtha, do theaghlaigh faoi mhéala agus do dhaoine eile a ndeachaigh an bás i bhfeidhm orthu.

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

9 Cairt Íospartach an Bhinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

9: Cairt Íospartach an Bhinse Cúitimh i leith Díobhálach Coiriúla

CONAS A FHREASTALÓIDH AN BINSE ORT

Má tá iarratas ar chúiteamh a bhaineann le coir á dhéanamh agat, déileálfaimid go díreach leat. Nó, más mian leat é, oibreoimid le heagraíocht tacaíochta íospartaigh atá ag gníomhú thar do cheann.

Déanfaimid seo a leanas:

- tabharfaimid eolas duit chun cuidiú leat an fhoirm iarratais ar chúiseamh a chomhlánú;
- déileálfaimid leat ar bhealach gairmiúil béasach;
- cuirfimid cinneadh i scríbhinn chugat faoi do chás;
- íocfaimid aon chúiteamh atá ag dul duit chomh tapa agus is féidir; agus
- inseoimid duit faoi do cheart achomhairc faoi chinneadh de chuid an Bhinse.

D'fhéadfá a bheith ag lorg cúitimh freisin ó bhallstát eile laistigh den Aontas Eorpach (AE) ar dhíobháil a bhain díot de thoradh coireachta foréigní sa tír sin.

Más amhlaidh atá, déanfaimid:

- comhairle a chur ort faoi éileamh a dhéanamh nó féadfaidh tú iarratas a dhéanamh go díreach trí láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh http://ec.europa.eu/ (féach an chuid ar 'Chúiteamh d'íospartaigh choireachta');
- an fhoirm iarratais agus do chuid freagraí a aistriú mura nglacann an ballstát le hiarratais as Béarla; agus
- comhfhreagras a fháil faoi d'éileamh ón mballstát eile, más mian leat é, agus é a chur ar aghaidh chugat.

DHÉANAMH

Féadfaidh tú achomharc a dhéanamh faoi chéad chinneadh de chuid an Bhinse.

Mura bhfaigheann tú sásamh as ár gcuid seirbhísí, féadfaidh tú scríobh chuig:

An Cathaoirleach
Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla
13 Sráid Haiste Íochtarach
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 661 0604
Faics: (01) 661 0598
R-phost: criminalinjuries@justice.ie
Láithreán Gréasáin: www.justice.ie (féach an chuid ar 'fheidhmeanna rialála eile', ina bhfuil an fhoirm iarratais agus sonraí na scéime)

RÓL AN BHINSE CÚITEAMH I LEITH DÍOBHÁLACHA COIRIÚLA

Reáchtálann an Binse Cúitimh i leith Díobhalacha Coiriúla an scéim chúitimh do dhíobhálacha pearsanta a d'fhulaing tú b'fhéidir, de bharr coireachta. Reáchtálann sé scéim chúiteamh ar leith d'oifigigh phríosúin a fhulaingíonn díobhálacha pearsanta de bharr coireachta. Is é an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí a cheapann comhaltaí an Bhinse.

Ceadaíonn an scéim chúitimh do dhíobhálacha pearsanta duit, díobhálacha a d'fhulaing tú b'fhéidir, de bharr coireachta, íocaíocht a lorg do chaiteachais agus do chaillteanais a d'fhulaing tú mar thoradh díreach ar choir fhoiréigneach, nó in iarracht chun beatha duine a shabháil. Cuirtear san áireamh freisin sa scéim go bhféadfadh teaghlach íospartaigh a fuair bás de bharr coire foréigní íocaíocht a fháil.

An chaoi a n-oibríonn sé:

- de ghnáth déanann comhalta amháin den Bhinse cinneadh faoi gach cás éilimh;
- má bhíonn tú míshásta lena chinneadh, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh ina leith le triúr comhalta den Bhinse agus ní bheidh an comhalta a rinne an cinneadh bunaidh san áireamh anseo;
- cuirfimid an t-achomharc ar bun go príobháideach agus ar bhealach neamhfhoirmiúil – ní bheidh gá agat le hionadaíocht dhlíthiúil;
- ní íocfaidh an Binse aon chostaisí dlithiúla a d'fhéadfadh a bheith ort ag éirí as éisteacht an Bhinse; agus
- íocfaimid an cúiteamh i gcnapshuim, cé go gceadóimid íocaíocht eatramhach i gcásanna áirithe.

Cuireann Treoir an AE ar Chúiteamh d'Íospartaigh Choireachta comhoibriú ar bun idir ballstáit an AE sa chaoi gur féidir le híospartaigh cúiteamh a fháil as coireanna a rinneadh i mballstát eile. Déanaimid éilimh ó bhallstáit eile a phróiseáil. Cuidímid freisin le daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn éilimh a chur go dtí ballstáit eile.

Orduithe cúirte

Féadfaidh cúirt ordú a thabhairt do chiontóir cúiteamh a íoc le híospartach mar chuid de chúis choiriúil.

Féadfaidh íospartach cás sibhialta a thógáil in aghaidh ciontóra i gcóir cúitimh. Is faoin íospartach agus faoina fhoireann dlí atá an cás a thógáil. Agus dámhachtain á dhéanamh, ní mór don Bhinse aon airgead a d'íoc an ciontóir leis an íospartach a bhaint as.

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

10 Íospartaigh agus an Dlí

10: Íospartaigh agus an Dlí

Tugann an chuid seo achoimre ar an dlí maidir le híospartaigh na coireachta.

Réamhrá

Féadfaidh an chúirt íospartach a ghairm mar fhinné i gcúis choiriúil. Ach ní páirtí don chúis choiriúil é an t-íospartach agus ní bhíonn ionadaíocht dhlíthiúil aige de ghnáth. Is é an Stát a thógann an chúis

Ina dhiaidh sin uile baineann codanna áirithe den dlí go díreach le híospartaigh. Tugaimid breac-chuntas ar na codanna iomchuí den dlí sna codanna thíos. Leanann an breac-chuntas cúrsa cúise, is é sin:

- staid an imscrúdaithe;
- an chúis a d'fhéadfadh a bheith ann;
- an éisteacht chúirte; agus
- an ciontú.

Ina dhiaidh seo, tugaimid gearrchuntas ar an dlí ar fhoréigean teaghlaigh agus gnéis. Críochnaíonn an chuid le míniú ar roinnt cionta coiriúla.

Imscrúdú

Fianaise fístéipe ó pháistí

Féadfaidh Garda nó duine oilte eile taifeadadh fístéipe a dhéanamh dá n-agallamh le páiste faoi bhun 14 bliain d'aois in imscrúduithe le fáil amach arbh íospartach coire gnéis nó foréigní an páiste, nó íospartach gáinneála. Féadtar an taifeadadh seo, nó codanna dhe, a úsáid mar fhianaise sa chúirt de ghnáth. Fágann sé seo nach mbíonn ar an bpáiste fianaise a thabhairt i seomra cúirte. Ach is féidir an páiste a cheistiú sa chúirt faoin bhfianase a thug siad san agallamh taifeadta. Is féidir an ceistiú seo a dhéanamh trí nasc beo telefíse sa chaoi nach mbíonn ar an bpáiste a bheith i seomra na cúirte.

Imeaglú

Is coir í díobháil a dhéanamh do dhuine nó bagairt a dhéanamh ar dhuine atá ag cuidiú leis an nGarda Síochána le himscrúdú, nó ar fhinné, nó ar ghiúróir nó ar

aon duine de theaghlach an íospartaigh. Ba chóir duit an Garda Síochána a chur ar an eolas faoi má tá sé sin ag tarlúint duitse.

Cúiseamh a d'fhéadfadh a bheith ann

Bannaí

Féadfaidh duine a chúisítear i gcion iarratas ar bhannaí a dhéanamh chun na cúirte. Ciallaíonn bannaí a fháil nach gcoimeádtar sa phríosún duine a chúisítear agus atá ag feitheamh ar an triail a bheith ann. Tá duine a chúisítear i gcion (ar a dtugtar freisin 'an cúisí') neamhchiontach go gcruthaítear go bhfuil sé ciontach. Mar sin féadfaidh an duine a chúisítear bannaí a fháil, ach amháin i gcásanna áirithe, mar shampla:

- i gcás go bhfuil baol ann go gcuirfidh an duine a chúisítear isteach ar fhinnéithe, lena n-áirítear an t-íospartach;
- i gcás go bhfuil baol ann nach dtiocfaidh an cúisí chun na cúirte don triail; nó
- i gcás go bhfuil coir thromchúiseach curtha i leith duine agus go bhfuil baol ann go ndéanfaidh an duine coir thromchúiseach eile má thugtar bannaí dó – is éard is coir thromchúiseach ann ná ceann a bhféadfaí duine a chur chun an phríosúin ar feadh cúig bliana nó níos mó má chiontaítear é.

Má theipeann ar dhuine bannaí a fháil, cuirtear go dtí an príosún é. Féadfaidh an duine seo iarratas ar bhannaí a dhéanamh in athuair mura dtosaíonn an triail laistigh de cheithre mhí ón gcéad uair ar diúltaíodh bannaí dó.

Má fhaigheann an duine bannaí, caithfidh siad teacht i láthair na cúirte arís ag deireadh na tréimhse bannaí agus gan aon choir a dhéanamh le linn dó a bheith ar bannaí. Féadfaidh an chúirt coinníollacha eile a chur leis na bannaí – mar shampla, d'fhéadfadh nach mbeidh cead ag an duine cúisithe dul go dtí áiteanna áirithe nó teagmháil a bheith aige le daoine áirithe.

Féadfaidh Garda iarratas a dhéanamh chun na cúirte le haghaidh barántais chun duine ar bannaí a ghabháil, má chreideann sé go bhfuil an duine sin ar tí coinníoll

a bhaineann leis na bannaí, a bhriseadh. Má fhaigheann sé an barántas, féadfaidh an Garda an duine a ghabháil agus é a thabhairt chun na cúirte. D'fhéadfadh go gcuirfeadh an chúirt an duine chuig an phríosún.

Mura dtagann duine os comhair cúirte ag deireadh tréimhse na mbannaí nó má bhriseann sé aon choinníollacha eile a bhaineann leis na bannaí, is féidir é a ghabháil agus a thabhairt chun na cúirte, má ordaíonn an chúirt é sin. Féadfaidh an chúirt an duine a chur go dtí an príosún go dtí an triail.

An Éisteacht Chúirte

Fianaise ar nasc beo teilifíse

Féadfaidh duine óg faoi bhun 18 bliain d'aois fianaise a thabhairt trí nasc beo teilifíse chun na cúirte i gcúiseanna a bhaineann le cion gnéasach nó foréigneach, nó gáinneáil ar dhaoine – mura mbíonn cúis mhaith ag an gcúirt gan fianaise ar nasc teilifíse a cheadú. Má chéadaíonn an chúirt é, féadfaidh aon duine eile fianaise a thabhairt trí nasc beo teilifíse i gcúiseanna atá bainteach le cionta gnéasacha, foréigneacha nó gáinneála ar dhaoine. Féadfaidh an chúirt fianaise trí nasc teilifíse ó thír eile a cheadú freisin. Ní chaitheann an breitheamh agus na dlíodóirí sa chúirt peiriúicí ná róbaí agus fianaise ar nasc teilifíse á tabhairt sna cúiseanna a luadh thuas.

Nuair a thugann duine óg faoi bhun 18 bliain d'aois fianaise trí nasc beo teilifíse sa Chúirt Dhúiche i gcúiseanna a bhaineann le coireanna foiréagnacha, gnéis nó gáinneála ar dhaoine, féadfaidh an chúirt a cheadú go n-úsáidfí an taifead físéipe den fhianaise seo níos deireanaí in éisteachtaí cúirte.

Féadfaidh an chúirt a cheadú do dhuine a bhfuil eagla air nó ar dóigh go ndéanfaí imeaglú air, fianaise a thabhairt trí nasc beo teilifíse.

Cúnamh dlíthiúil i gcúiseanna éignithe agus ionsaithe gnéis

Féadfaidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil comhairle a thabhairt d'íospartaigh éignithe nó ionsaithe tromchúiseacha gnéis eile. Chomh maith leis seo má dhéanann an cúisí iarratas chun na cúirte le linn cúis éignithe nó ionsaithe tromchúiseacha gnéis chun ceisteanna a thógáil faoi do thaithíocht chollaí roimhe seo, déanfaidh an Bord um Chúnamh Dlithiúil ionadaíocht thar do

cheann chun cosaint a dhéanamh ar an iarratas sin. Níl tástáil acmhainne ag dul leis na seirbhísí seo, agus tá siad ar fáil agat saor in aisce (féach Cairt Íospartach an Bhoird um Chúnamh Dlithiúil, cuid 7).

Ciontú

Tuairisc agus ráitis tionchair íospartaigh

Ní mór do chúirt aon tionchar a bheadh ag an gcoir ar an íospartach a chur san áireamh agus pianbhreith do choireanna gnéis nó foiréigneacha á gcinneadh. Féadfaidh an chúirt iarraidh ar dhuine gairmiúil – mar oifigeach promhaidh nó ball d'ionad éigeandála um éigniú – tuairisc a ullmhú i scríbhinn ar thionchar na coire ar an íospartach. Féadfaidh an 'tuairisc thionchair íospartaigh' seo déileáil leis an díobháil ghnéasach, eacnamaíoch, intinne, mhothúchanach nó fhisiciúil a d'fhulaing an t-íospartach de thoradh na coire. Ní hionann é seo agus 'ráiteas tionchair íospartaigh'.

I gcás go ndéanann an t-íospartach iarratas chun an chúirt a chur ar an eolas faoi éifeacht choire gnéis nó foréigní orthu, ní mór don chúirt an fhianaise sin a éisteacht. Tugtar 'ráiteas tionchair íospartaigh' air seo. Is féidir an ráiteas a dhéanamh go pearsanta nó trí ionadaí dlíthiúil.

I gcásanna ina bhfuair an t-íospartach bás de thoradh na coire, ní gá don chúirt ráiteas ó theaghlaigh an íospartaigh a chloisint, cé go gceadaíonn breithiúna áirithe ráiteas faoi láthair. Ach tá an dlí á athrú. Tá sé á bheartú go mbeidh ar an gcúirt fianaise, ar a dtugtar ráiteas tionchair íospartaigh go coitianta, ó theaghlach an íospartaigh éagtha nó ó theaghlach íospartaigh nach féidir leis labhairt thar a cheann féin, a éisteacht, más mian leis an teaghlach déanamh amhlaidh.

Foréigean gnéasach

I gcúis éignithe nó ionsaithe gnéis, ní fhoilsítear ainm an íospartaigh. Ní féidir ach leo siúd a bhfuil spéis dhíreach acu sa chúis, agus na meáin, a bheith i láthair sa chúirt i gcúis éignithe nó ionsaithe gnéis tromchúisigh. Féadfaidh tuismitheoir, gaol nó cara a bheith in éineacht leis an íospartach sa chúirt.

Foréigean teaghlaigh

Is cionta coiriúla iad cuid mhór de na gníomhartha foréigin a tharlaíonn in árais an teaghlaigh. Ach déileáiltear leo de ghnáth sna cúirteanna sibhialta, áit ar féidir

orduithe cúirte a thabhairt chun an páirtí díobhálaithe a chosaint. Éistear cásanna cúirte áit a lorgaítear na horduithe seo i gcúirt nach féidir ach leo siúd a bhfuil suim dhíreach acu sa chás a bheith i láthair. Féadfaidh tuismitheoir, gaol nó cara a bheith in éineacht leis an íospartach má cheadaíonn an breitheamh é.

Orduithe cúirte

Féadfaidh na cúirteanna raon orduithe a dheonú i gcásanna atá bainteach le foréigean teaghlaigh. Áirítear orthu seo na cineálacha orduithe seo a leanas:

- **ordú sábháilteachta** –ordaíonn sé seo do dhuine ainmnithe gan foréigean a bhagairt nó a úsáid, ná cur isteach ná eagla a chur ar an té a rinne iarratas ar an ordú nó aon chleithiúnach eile, lena n-áirítear páistí. Féadfaidh sé ordú don duine ainmnithe má bhíonn cónaí orthu in ait éigin eile, gan teach an té a rinne iarratas ar an ordú a fhaire; agus
- **ordú urchoisc** – ordaíonn sé seo do dhuine ainmnithe an áit a bhfuil cónaí ar an té a rinne an t-iarratas ar ordú a fhágáil agus gan dul isteach san áit sin mura gceadaíonn an chúirt dóibh déanamh amhlaidh.

D'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt seachtainí chun ordú sábháilteachta nó ordú urchoisc a phróisiú. I gcásanna práinne féadfaidh duine na horduithe seo a leanas a lorg:

- **ordú urchoisc eatramhach** – is ionann agus ordú urchoisc é seo ach go mbíonn feidhm leis láithreach agus go seasann sé go dtí gur féidir leis an gcúirt ordú urchoisc iomlán a mheas. Deonaítear é má bhíonn baol láithreach ann go ndéanfar mórdhíobháil don té a bhfuil iarratas ar an ordú á dhéanamh, nó do chleithiúnaithe, lena n-áirítear páistí. Is féidir an t-ordú a dheonú gan an té atá ainmnithe san ordú a bheith i láthair sa chuirt (dá dtagraítear 'ex parte') nó gan fógra á thabhairt don duine sin; agus
- **ordú cosanta** –is ionann é seo agus ordú sábháilteachta, ach go mbíonn feidhm leis láithreach agus go seasann sé go dtí gur féidir leis an gcúirt ordú sábháilteachta iomlán nó ordú urchoisc a mheas.

I gcásanna áirithe féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) orduithe a lorg thar ceann duine.

Coireanna foréigin teaghlaigh

Má dheonaíonn cúirt ordú sábháilteachta, ordú urchoisc, ordú urchoisc eatramhach nó ordú cosanta in aghaidh duine – agus mura ndéanann an duine sin faoi réir an ordaithe – tá cion coiriúil déanta acu.

Má dheonaíonn cúirt ordú urchoisc nó ordú urchoisc eatramhach faoi áit ar leith – agus mura gceadaíonn an duine atá ainmnithe san ordú don duine a fuair an t-ordú, nó d'aon leanbh cleithiúnach, dul isteach san áit nó má dhéanann sé iarracht iad a chosc ó dhul isteach – tá cion coiriúil déanta acu.

Is féidir aon duine a dhéanann ceann de na coireanna seo a ionchúiseamh sa chúirt. Má fhaightear ciontach é, is féidir fíneál a chur air nó é a chur go dtí an príosún. Féadfaidh an chúirt pionós a chur ar dhuine faoi 'dhíspeagadh cúirte'.

Cionta coiriúla eile

Bíonn cuid mhór cionta difriúla sa dlí coiriúil. Míníonn an chuid seo roinnt de na príomhchionta go hachomair.

Gadaíocht

Is gadaíocht é nuair a thógann duine réadmhaoin go mímhacánta gan cead an úinéara agus é ar intinn gan é a thabhairt ar ais choíche.

Robáil

Is robáil í nuair a úsáideann nó nuair a bhagraíonn duine forneart a úsáid le linn dóibh gadaíocht a dhéanamh.

Buirgléireacht

Is buirgléireacht í nuair a théann duine isteach i bhfoirgneamh gan cead chun goid nó chun damáiste a dhéanamh. Is buirgléireacht thromchúiseach nó 'trom-bhuirgléireacht' í nuair atá arm nó ábhar pléascach ag an mbuirgléir.

Ionsaí

Is ionsaí é nuair a úsáideann duine forneart ar dhuine eile, nó nuair a bhagraíonn sé forneart a úsáid, gan comhaontú an duine eile. Is cionta níos tromchúisí iad ionsaí a dhéanann díobháil nó a dhéanann díobháil thromchúiseach.

Tiomáint chontúirteach

Is éard is tiomáint chontúirteach ann ná tiomáint atá contúirteach don phobal. Cuireann cásanna dá leithéid san áireamh staid na feithicle, an áit, an méid tráchta iarbhír agus an leibhéal trách a bhféadfaí súil a bheith leis, san áireamh.
Is dhá chion tiomána contúirtigh níos tromchúisí iad tiomáint chontúirteach nuair is cúis í le bás nó le mórdhíobháil choirp.

Cionta gnéis

Tarlaíonn ionsaí gnéis nuair a ionsaítear fear nó bean go mígheanasach. Tarlaíonn ionsaí gnéis tromchúiseach nó 'tromionsaí gnéasach' nuair a fhulaingíonn an t-íospartach foréigean tromchúiseach, bagairt foréigin thromchúisigh, drochghortú nó uirísliú, le linn ionsaithe gnéis.

Tarlaíonn 'Éigniú faoi alt 4' le linn ionsaithe gnéis, nuair a threánn péineas, dá laghad an treá, an béal nó poll tóna, nó nuair a threánn uirlis á coinneáil ag duine eile, an fhaighin, dá laghad an treá.

Tarlaíonn éigniú nuair a dhéanann fear lánúnas collaí neamhdhleathach le bean nach dtoilíonn leis an lánúnas tráth a dhéanta – i gcásanna dá leithéid is eol don fhear nach dtoilíonn an bhean leis nó is cuma leis í do thoiliú nó gan toiliú leis tráth an lánúnais.

Dúnmharú agus dúnorgain

Tarlaíonn dúnmharú nuair a bheartaíonn duine duine éigin a mharú nó drochghortú a dhéanamh dó agus nuair a mharaíonn sé an duine sin. Tarlaíonn dúnorgain nuair a mharaíonn duine duine éigin ach nach raibh sé i gceist aige déanamh amhlaidh. Féadfaidh dúnorgain tarlú freisin má bheartaíonn an duine marú nó drochghortú a dhéanamh, ach é a bheith ó smacht mar gur saighdeadh é nó go gceapann sé go hearráideach go bhfuil sé riachtanach don fhéinchosaint.

Gainneáil ar dhaoine

Tarlaíonn gáinneáil ar dhaoine nuair a earcann, a bhogann, a chóiríonn, a fhostaíonn nó a dhéanann daoine cúram de dhuine fásta nó de pháiste, le

- ar mhaithe le hobair
- go gnéasach; nó
- lena n-orgáin a bhaint amach.

Má dhéanann Éireannach ceann de na cionta gáinneála seo i dtír eile, is féidir é a thabhairt chun na cúirte in Éirinn agus d'fhéadfaí é a chiontú. Má dhéanann duine ceann de na cionta seo in aghaidh saoránaigh Éireannaigh i dtír eile, is féidir é a thabhairt chun cúirte in Éirinn agus d'fhéadfaí go gciontófaí é.

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

11 Sonraí Teagmhála Úsáideacha

11: Sonraí Teagmhála Úsáideacha

Eagraíocht	Sonraí Teagmhála
Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta	An Comhordaitheoir Seirbhíse Líne Chabhrach Náisiúnta Íospartaigh na Coireachta 3ú Urlár, Bloc B Lárionad Fhearchair Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 408 6118 Faics: (01) 479 3296 R-phost: info@crimevictimshelpline.ie Láithreán Gréasáin: www.crimevictimshelpline.ie
An Garda Síochána	Oifig Idirchaidrimh Íospartaigh de chuid an Gharda Síochána, An Garda Síochána, An Rannóg Póilíneachta Pobail agus Chaidreamh Pobail, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 666 3805 R-phost: crimprev@iol.ie nó crimeprevention@garda.ie
An tSeirbhís Chúirteanna	Ceannasaí Seirbhísí do Chustaiméirí An tSeirbhís Chúirteanna Teach Phoenix 15–24 Sráid Phoenix Thuaidh Margadh na Feirme Baile Átha Cliath 7 Teil: (01) 888 6000 Faics: (01) 888 6090 Láithrean Gréasáin: www.courts.ie

Eagraíocht	Sonraí Teagmhála
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP)	An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí 14 - 16 Sráid Mhuirfean Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 678 9222 Faics: (01) 661 0915 Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie
An tSeirbhís Phromhaidh	Ursula Fernee Príomhoifigeach Cúnta Promhaidh Comhordaitheoir Seirbhíse Íospartaigh An tSeirbhís Phromhaidh Margadh an Fhéir Margadh na Feirme Baile Átha Cliath 7. Teil: (01) 817 3631 Faics: (01) 817 3644 R-phost: ugfernee@probation.ie Láithreán Gréasáin: www.probation.ie
An tSeirbhís Phríosúin	Oifigeach Idirchaidreamh Íospartach Ceannáras Sheirbhís Phríosún na hÉireann Lárionad Gnó IDA Bóthar Bhéal Átha na Lao Co. Longfort. Teil: (043) 333 5100 Faics: (043) 333 5101 R-phost: vlo@irishprisons.ie Láithreán Gréasáin: www.irishprisons.ie Féach leathanach 33 do liosta na bpríosún.)

Eagraíocht	Sonraí Teagmhála
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	Oifigeach Idirchaidreamh Custaiméirí An Bord um Chúnamh Dlíthiúil 47 Sráid an Mhóta Uachtarach Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 644 1900 Íosghlao: 1890 615 200 Faics: (01) 662 3661 Láithreán Gréasáin: www.legalaidboard.ie
Ionad Saor-Chomhairle Dlí (FLAC)	Ionad Saor-Chomhairle Dlí (FLAC) 13 Sráid Dorset Íochtarach Baile Átha Cliath 1 Líne eolais agus tarchuir: 1890 350 250 Teil: (01) 874 5690 Faics: (01) 874 5320 Láithreán Gréasáin: www.flac.ie
Ionad Dlí Pobail Bhaile Munna	Ionad Dlí Pobail Bhaile Munna 34 Bóthar na Seangán Baile Munna Baile Átha Cliath 9 Teil: (01) 862 5805 Faics: (01) 862 5800 Láithreán Gréasáin: www.bclc.ie
Eolas na Saoránach	Ar fud na Tíre Lóghlao: 1890 777 121 Láithreán gréasáin: www.citizensinformation.ie Le haghaidh oifigí áitiúla, féach faoi 'Eolas na Saoránach' sa roinn gnó de do leabhar teileafóin áitiúil.

Eagraíocht	Sonraí Teagmhála
An tSeirbhís Chróinéara	An Fhoireann um Fheidhmiú na Seirbhíse Cróinéara Teach Átha Luimnigh Lárionad Gnó IDA Baile Sheáin An Uaimh Co na Mí. Teil: 046 909 1323 Faics: 046 905 0560 R-phost: csitmail@justice.ie Láithreán Gréasáin: www.coroners.ie
An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla	An Cathaoirleach An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla 13 Sráid Haiste Íochtarach Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 661 0604 Faics: (01) 661 0598 R-phost: criminalinjuries@justice.ie Láithreán Gréasáin: www.justice.ie (féach an chuid ar 'fheidhmeanna rialála eile')

Eagraíocht	Sonraí Teagmhála
An Lárúdarás um Fhuadach Páistí	Tugann cabhair má fuadaíodh do pháiste, ag sárú do chearta coimirce, ó Éirinn go dtí tír atá clúdaithe ag Coinbhinsiún na Háige, Coinbhinsiún Lucsamburg nó rialacháin na Bruiséile II – nó go hÉirinn ó thír de chuid an Choinbhinsiúin An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí Cearnóg an Easpaig Cnoc Réamainn Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 479 0200 Faics: (01) 479 0201 R-phost: child_abduct_inbox@justice.ie Láithreán Gréasáin: www.justice.ie (faoin roinn ar 'Cheartas i Leith an Aosa Óig, Leanaí agus an Teaghlach', cliceáil ar an nasc do 'Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí')
An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta	Liostaítear eagraíochtaí deonacha a thacaíonn le híospartaigh choireachta ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta ag: www.csvc.ie
Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú	Líonra náisiúnta d'ionaid éigeandála um éigniú – áirítear ina láithreán gréasáin mionsonraí faoi ionaid éigeandála um éigniú mórthimpeall na tíre Teil: (091) 563 676 Líne Chabhrach Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath: 1800 778 888 Láithreán Gréasáin: www.rcni.ie

Eagraíocht	Sonraí Teagmhála
Women's Aid	Tugann tacaíocht agus eolas faoi rún do mhná agus do pháistí atá ina gcónaí faoi scáth an fhoréigin teaghlaigh a mbíonn tacaíocht éigeandála nó leanúnach uathu Líne Chabhrach: 1800 341 900 Láithrean Gréasáin: www.womensaid.ie
Amen	Cuireann líne chabhrach faoi rún, seirbhísí tacaíochta agus eolas ar fáil d'fhir a bhfuil foréigean teaghlaigh ag cur as dóibh Teil: (046) 902 3718; iar-ama (086) 194 7270 Láithreán Gréasáin: www.amen.ie
An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc (Cosc)	Cosc An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí 2ú Urlár, Cúirt Montague Sráid Montague Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 476 8680 Faics: (01) 476 8619 R-phost: cosc@justice.ie Láithreán Gréasáin: www.cosc.ie

(Eagrán: Meitheamh, 2010)

NÓTAÍ